ELeathanach29

Leathanach 2

An lá le lucht "Tá"

Dé hAoine seo caite, bhí an dara reifreann ar chonradh Liospóin ar siúl. I bPoblacht na hÉireann tá cead ag gach duine vóta a chaitheamh, ach caithfidh siad bheith os cionn ocht mbliana déag d'aois. Sin trí mhilliún duine.

Sa chéad Reifreann in 2008 chaith an tromlach (majority) Conradh Liospóin amach. Dé hAoine vótáil 58% de na vótálaithe sa tír. Vótáil dhá thrian (2/3) díobh "Tá" an uair seo.

An bhfuil tusa sásta leis an toradh?

Brat na Síne

An tSín ag Ceiliúradh

Déardaoin seo caite, bhí ceiliúradh ollmhór i mBéising, príomhchathair na Síne. Sa bhliain 1949 bhunaigh An Páirtí Cumannach (The Communist Party) Daon-Phoblacht na Síne (The People's Republic of China) agus bhí muintir na Síne á cheiliúradh sin.

Tír an-láidir í an tSín anois. Is í an tSín an ceathrú tír is mó ar domhan. Tá 1314 milliún duine ina gcónaí sa tSín, níos mó ná in aon tír eile ar domhan. Tá níos mó ná 200 teanga le cloisteáil sa tSín.

Bhí taispeántas míleata ar siúl i gCearnóg Tiananmen leis na mílte duine agus bhí taispeántas tinte ealaíne ina dhiaidh. Is í Cearnóg Tiananmen an chearnóg phoiblí is mó ar domhan. An bhfaca tú an ceiliúradh ar an teilifís?

Tiger Woods - An Billiúnaí!

Tá an galfaire Tiger Woods an-saibhir. Tá níos mó ná billiún dollar buaite aige anois. Is é Tiger Woods an chéad bhilliúnaí spóirt.

I mí Mheán Fómhair bhuaigh sé €6.8 milliún ($10 milliún dollar) sa ' FedEx Cup' (comórtas gailf).

Bhuaigh sé níos mó airgid ná Michael Schumacher (tiománaí F1) agus Michael Jordan (cispheileadóir).

Anois tá sé oifigiúil: is é Tiger Woods an pearsa spóirt is saibhre ar domhan.

ELeathanach Choláiste Oideachais Froebel, Sion Hill, An Charraig Dhubh, i gcomhpháirt leis an Idirbhliain, Coláiste Alexandra, BÁC 6.